2024/3214

27.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3214 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta agus nialas-rátú breoslaí inbhuanaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE ([1]), agus Airteagal 5(2) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2015/757 leagtar síos rialacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú cruinn a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar fhaisnéis ábhartha eile ó longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu, chun laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtúil.

(2) Leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757 na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhonn an ídithe breosla. Leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757 na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha eile.

(3) Le Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh Rialachán (AE) 2015/757, go háirithe chun foráil a dhéanamh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin sin ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh. Mar sin féin, is gá an téarma 'longa amach ón gcósta' a shoiléiriú chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú maidir le cinneadh na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear leis an Rialachán thar na hastaíochtaí sin a chumhdaítear cheana féin nuair a bhaineann siad le gluaiseachtaí agus gníomhaíochtaí long a bhfuil sé de chuspóir acu lastas nó paisinéirí a iompar chun críoch tráchtála. Ba cheart rialacha a bhunú, dá bhrí sin, chun soiléireacht a thabhairt maidir leis na longa agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ba cheart a chuimsiú leis an áireamh sin. Ba cheart deimhnithe reachtúla na loinge nó aon doiciméadacht ábhartha eile, lena n-áirítear nodaireachtaí aicmí, a chur san áireamh d'fhonn a chinneadh an bhfuil an long lena mbaineann deartha chun gníomhaíochtaí seirbhíse a dhéanamh amach ón gcósta nó ag suiteálacha amach ón gcósta nó an bhfuil sé deimhnithe chun an méid sin a dhéanamh.

(4) Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, áireofar longa amach ón gcósta ag a bhfuil olltonnáiste 5 000 tona agus os a chionn i raon feidhme na ngníomhaíochtaí muiriompair a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). De réir Airteagal 3gg(5) den Treoir sin, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle inar cheart dó scrúdú a dhéanamh ar a indéanta is atá sé astaíochtaí ó longa, lena n-áirítear longa amach ón gcósta, ag a bhfuil olltonnáiste faoi bhun 5 000 tona ach nach bhfuil olltonnáiste faoi bhun 400 tona acu, a áireamh sa Treoir sin mar aon le scrúdú a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta an áirimh sin. Ba cheart sa tuarascáil sin freisin breithniú a dhéanamh ar na hidirnaisc idir Treoir 2003/87/CE agus Rialachán (AE) 2015/757 agus leas a bhaint as an taithí a fuarthas óna gcur i bhfeidhm. Féadfaidh tograí reachtacha a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí, bunaithe ar an taithí a fuarthas sna chéad bhlianta inar áiríodh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/757.

([1]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/757/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long (IO L 130, 16.5.2023, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/957/oj).

([3]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

(5) Ba cheart na rialacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757 a thabhairt cothrom le dáta chun iad a ailíniú a thuilleadh leis na rialacha is infheidhme maidir le hearnálacha eile de chuid an Chórais Trádála Astaíochtaí (CTA) maidir le breoslaí atá incháilithe le haghaidh nialas-rátú faoi Threoir 2003/87/CE, go háirithe chun an fhéidearthacht breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe a chur san áireamh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú dá réir.

(7) Ós rud é go n-áireofar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta faoi Rialachán (AE) 2015/757 ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha ábhartha sa Rialachán seo dá réir, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

(8) Áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa muiriompair in CTA AE ón tréimhse tuairiscithe dar thús an 1 Eanáir 2024. Na rialacha is infheidhme maidir le hearnálacha eile CTA a mhéid a bhaineann le breoslaí atá incháilithe le haghaidh nialas-rátú faoi Threoir 2003/87/CE de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ([4]) arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2493 ón gCoimisiún ([5]), tá feidhm acu ón 1 Eanáir 2024. Dá bhrí sin, chun comhsheasmhacht, soiléireacht agus coinníollacha comhionanna a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo freisin ón 1 Eanáir 2024 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite nialas-rátaithe de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an Chuid AA seo a leanas isteach i ndiaidh Chuid A:

'AA. ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA Ó LONGA AMACH ÓN gCÓSTA

Cumhdófar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta astaíochtaí gás ceaptha teasa a sceitear le linn muiraistear ón gcalafort cuarda deireanach go dtí calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus ó chalafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit go dtí an chéad chalafort cuarda eile, chomh maith le muiraistir a dhéanann na longa seo a leanas laistigh de chalafoirt chuarda atá faoi dhlínse Ballstáit, ar longa iad atá deartha chun gníomhaíochtaí seirbhíse a dhéanamh amach ón gcósta nó ag suiteálacha amach ón gcósta nó a bhfuil deimhniú acu chun an méid sin a dhéanamh, cé is moite de bhristeoirí oighir:

(a) soitheach láimhsithe ancaire agus soláthair tuga;

(b) long soláthair amach ón gcósta;

(c) soitheach criú/soláthair;

(d) iompróir píopaí;

(e) long soláthair ardán;

(f) long dhruileála;

(g) snámhshoitheach táirgthe, stórála agus díluchtúcháin (TSDL), ola;

(h) soitheach próiseála gáis;

(i) snámhshoitheach stórála agus díluchtúcháin, gás;

(j) snámhshoitheach stórála agus díluchtúcháin, ola;

(k) long chóiríochta;

(l) soitheach tacaíochta tumadóireachta;

(m) soitheach tógála amach ón gcósta;

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2493 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann leis an bhfaireachán agus an tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2493, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2493/oj).

(n) soitheach tacaíochta amach ón gcósta;

(o) soitheach trinseála píblíne;

(p) soitheach leagain píblíne;

(q) soitheach craenach leagain píblíne;

(r) soitheach tástála táirgthe;

(s) soitheach sábháilteachta cúltaca;

(t) soitheach tacaíochta trinseála;

(u) soitheach spreagtha tobair;

(v) soitheach leagain cáblaí;

(w) long deisithe cáblaí;

(x) soitheach mianadóireachta;

(y) soitheach suiteála tuirbíní gaoithe;

(z) soitheach oibríochta seirbhíse coimisiúnaithe;

(aa) soitheach oibríochta seirbhíse;

(ab) soitheach oibre/deisiúcháin;

(ac) soitheach suirbhéireachta agus taighde;

(ad) dreidire;

(ae) dreidire daibhche.';

(2) i gCuid C, pointe 1.2, d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'De mhaolú ar phointe 1.1, ní chuirfidh cuideachtaí na rialacha a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le fachtóirí astaíochta CO_2 a chinneadh i gcás ina n-úsáideann an chuideachta Breoslaí In-Athnuaite de Thionscnamh Neamhbhitheolaíoch, Breosla Carbóin Athchúrsáilte nó breosla sintéiseach ísealcharbóin. Sna cásanna sin, cinnfear an fachtóir astaíochta CO_2 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (2), ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN